Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2026
(OR. en)

14948/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0333(NLE)

AELE 95
FL 54
ISL 63
N 95
MI 1067
ENER 698

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, tá Comhchoiste LEE in ann a chinneadh Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Is iomchuí Rialacháin (AE) 2019/2146[3], (AE) 2022/132[4] agus (AE) 2024/264[5] ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2169[6] ón gCoimisiún a ionchorpú i gComhaontú LEE.

---

2 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

3 Rialachán (AE) 2019/2146 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme nuashonruithe ar an staidreamh bliantúil, ar an staidreamh míosúil agus ar an staidreamh míosúil gearrthéarmach i dtaca le fuinneamh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2146/oj).

4 Rialachán (AE) 2022/132 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh fuinnimh, a mhéid a bhaineann le nuashonruithe ar an staidreamh fuinnimh bliantúil, míosúil agus míosúil gearrthéarmach a chur chun feidhme (IO L 20, 31.1.2022, lch. 208, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/132/oj).

5 Rialachán (AE) 2024/264 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh fuinnimh, a mhéid a bhaineann le nuashonruithe ar an staidreamh fuinnimh bliantúil, míosúil agus míosúil gearrthéarmach a chur chun feidhme (IO L 2024/264, 18.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/264/oj).

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2169 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 maidir leis an bhformáid agus na socruithe chun Staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais a tharchur de bhun Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 306, 22.11.2017, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2169/oj).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh laistigh de Chomhchoiste LEE a bhunú maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán